# Páipéar samplach 2

## Cuid A

### An chéad chainteoir

Dia daoibh. Eibhlín Seoige is ainm dom. Rugadh mé i mBostún ach d'fhág mé nuair a bhí mé dhá bhliain d'aois. Tá mé i mo chónaí i mBéal an Átha i gContae Mhaigh Eo. Is as Inis Meáin do m'athair agus is Meiriceánach í mo mháthair. Ní maith liom bheith ar scoil ar chor ar bith. D'fhágfainn í ar maidin ach ní thabharfadh mo thuismitheoirí cead dom é sin a dhéanamh.

### An dara cainteoir

Goidé mar atá sibh? Shane Mac Griana is ainm dom. Tá mé i mo chónaí i dTír an Iúir i mBaile Átha Cliath. Caithim dhá mhí gach samhradh sa Ghaeltacht i dTír Chonaill mar cónaíonn mo sheanathair i Rann na Feirste. Taitníonn an ceol go mór liom. Seinnim an giotár agus canaim amhráin fosta. Déanfaidh mé an idirbhliain an bhliain seo chugainn agus beidh dóthain ama agam ansin chun a bheith ag cleachtadh le banna ceoil na scoile.

## Cuid B

### Fógra

Tá príomhoide ag labhairt libh anseo. Tá cúpla fógra spóirt agam daoibh. I dtús báire, comhghairdeas le foireann sacair na scoile faoi-16 a bhuaigh an cluiche ceannais i gCeatharlach inné. Fuair Máirtín Ó Drisceoil trí chúl sa chluiche agus tá an duais don imreoir is fearr sa chluiche ag dul dó. Comhghairdeas freisin le Treasa Ní Dhughda agus Sabrina Ní Ruairc a bhuaigh an comórtas gailf i mBinn Éadair ar an gCéadaoin. Go raibh maith agaibh.

### Píosa nuachta

Cuireadh tús le comórtas Esat Eolaí Óg na Bliana san RDS an tseachtain seo. I mbliana cuireadh aon cheann déag de thionscnaimh as Gaeilge isteach ar an gcomórtas. Tá brú mór ann anois daoine óga a mhealladh i dtreo na heolaíochta mar níl go leor daltaí ag déanamh na n-ábhar eolaíochta ar scoil. Chuir níos mó cailíní isteach ar an gcomórtas i mbliana. Críochnóidh an comórtas ar a hocht a chlog tráthnóna Dé Satharn.

## Cuid C

### Comhrá a haon

**Sinéad:** Dia duit, a Phádraig. Sinéad Ní Shúilleabháin anseo.

**Pádraig:** Hello, a Shinéad. Níor chuala mé uait le fada. Cá raibh tú in aon chor?

**Sinéad:** Bhí mé san Iodáil ar thuras scoile le coicís anuas. Chaith mé seachtain sa Róimh agus seachtain eile i Sorrento.

**Pádraig:** Ó, a Dhia! Tá mé in éad leat. Ach inis dom faoi. Caithfidh go raibh an-am agat ann.

**SOS**

**Sinéad:** Is iontach an áit í an Róimh, go háirithe an tseanchathair. An taon rud a chuir isteach orm ná an aimsir. Bhí sí ró-the dom.

**Pádraig:** Cogar, a Shinéad. Ar bhac tú le Pompeii nuair a bhí tú i Sorrento?

**Sinéad:** Chaitheamar lá amháin ann. Áit an-spéisiúil í. Rud eile, bhí an aimsir i bhfad níos fionnúire ann.

**Pádraig:** Fáilte romhat abhaile, a Shinéad. Buailfidh mé leat amárach tar éis na scoile.

**Comhrá a dó**

**Gráinne:** Haigh, a Bhríd. Gráinne anseo.

**Bríd:** Sea, a Ghráinne. Céard atá uait? Tá mé ag iarraidh an aiste staire a chríochnú

**Gráinne:** Ní chuirfidh mé moill ort ach ar chuala tú an scéal?

**Bríd:** Anois, a Ghráinne, ar chuala mé an scéal? Cén scéal, in ainm Dé?

**Gráinne:** Go mbeidh an tUachtarán, Máire Mhic Giolla Íosa, ag teacht go dtí an scoil an mhí seo chugainn.

**SOS**

**Bríd:** Is sean scéal é sin. An é sin an fáth ar ghlaoigh tú orm?

**Gráinne:** Sea agus ní hea. D'iarr an príomhoide orm fáilte a chuir roimh an Uachtarán ag an bpríomhdhoras, agus dúirt sí liom cailín eile a fháil chun cabhrú liom ar an lá.

**Bríd:** Agus an mbeadh grianghraif sna páipéir den bheirt againn?

**Gráinne:** Bheadh tusa ró-ghnóthach ar fad, a Bhríd, agus na haistí móra sin atá le déanamh agat. Labhróidh mé le Sorcha faoi.

**Bríd:** Ach, a Ghráinne...